

BUTTONHOOK PRESS 2022 CHAPBOOK SERIES

---

# THE SELBORNE HAIBUN



*Irish/English Haibun*

GABRIEL ROSENSTOCK

---

OPEN: JOURNAL OF ARTS & LETTERS (O:JA&L)

Copyright © 2022 by BUTTONHOOK PRESS  
An imprint of OPEN: *Journal of Arts & Letters* (O:JA&L)

All rights reserved on behalf of OJAL Art Incorporated, O:JA&L/BHP and Gabriel Rosenstock. OJAL Art Incorporated, publishing since 2017 as OPEN: *Journal of Arts & Letters* (O:JA&L) and its imprint Buttonhook Press, is a 501(c)(3) nonprofit corporation registered in California.



Set in Garamond and PERPETUA TITLING and formatted in Create Space.

Made available online and/or printed in the USA and elsewhere as a novelty and commemorative document celebrating the publication of Gabriel Rosenstock's haibun chapbook *The Selborne Haibun*.

Cover image: *Landscape with Cottage* by Clara Southern (1860-1940). Oil on canvas. 34.4 x 21.7 cm. Circa 1900. **Public domain.**

THE SELBORNE HAIBUN  
GABRIEL ROSENSTOCK

# THE SELBORNE HAIBUN

A bilingual haibun sequence, in Irish and English,  
extracted from Gilbert White's classic *The Natural History of Selborne*.

*Irish/English Haibun*

# GABRIEL ROSENSTOCK



THE SELBORNE HAIBUN  
GABRIEL ROSENSTOCK

## A BRIEF NOTE ON HAIBUN

Haibun combines a prose poem with a haiku. The haiku usually ends the poem as a sort of whispery and insightful postscript to the prose of the beginning of the poem. Another way of looking at the form is thinking of haibun as highly focused testimony or recollection of a journey composed of a prose poem and ending with a meaningful murmur of sorts: a haiku. The result is a very elegant block of text with the haiku serving as a tiny bowl or stand for the prose poem. A whole series of them in a manuscript look like neat little signs or flags—a visual delight.

Though Bashō coined the word *haibun*, the form as it is today existed in Japan as prefaces and mini-lyric essays even before the seventeenth century (when Bashō first popularized the form). After his famous journey to Mutsu, he crafted a sort of guideline to the form in order to plunge deeper into the *aware* (pronounced ah-WAR-ay) spirit of haiku. Thus, another important feature of the haibun is not simply to provide a writer a shape in which to jot mundane musings of landscape and travel but also to evoke that sense of *aware*—the quality of certain objects to evoke longing, sadness, or immediate sympathy . . .

Aimee Nezhukumatathil

1

Our wells, at an average, run to about sixty-three feet, and when sunk to that depth seldom fail; but produce a fine limpid water, soft to the taste, and much commended by those who drink the pure element, but which does not lather well with soap.

*cupped hands . . .  
mysteries of the deep  
glisten*

Ar meán, is thart ar thrí troithe is trí scór ar doimhneacht iad ár gcuid toibreacha, agus is annamh a theipeann siad orainn ag an leibhéal sin; tugaid uisce breá glé bog blasta dúinn agus ardmholadh faighte aige uathu siúd a ólann an dúil ghlan, ach is beag sobal a bhainfeadh gallúnach as.

*lámba cuachta . . .  
mistéirí an duibheagáin  
ag glioscarnach*

2

In the centre of the village, and near the church, is a square piece of ground surrounded by houses, and vulgarly called the Plestor. In the midst of this spot stood, in old times, a vast oak, with a short squat body, and huge horizontal arms extending almost to the extremity of the area. This venerable tree, surrounded with stone steps, and seats above them, was the delight of old and young, and a place of much resort in summer evenings; where the former sat in grave debate, while the latter frolicked and danced before them. Long might it have stood, had not the amazing tempest in 1703 overturned it at once, to the infinite regret of the inhabitants, and the vicar, who bestowed several pounds in setting it in its place again; but all his care could not avail; the tree sprouted for a time, then withered and died.

*felled oak  
somewhere a druid  
sighs*

I lár an tsráidbhaile, gar don séipéal, tá cearnóg agus tithe mórthimpeall uirthi; an Plestor mar a thugann muintir na háite air. Bhíodh dair ollmhór ina lár, tráth; íseal leathan, agus géaga móra cothrománacha ag síneadh uaithi fad le himeall na cearnóige, geall leis. Bhaineadh idir óg is shean sult as an seanchrann úd a raibh céimeanna cloiche ina thimpeall, agus suíocháin os a gcionn san in airde, agus bhíodh triall go minic air tráthnónta samhraidh; na seanóirí sáite i ndíospóireachtaí tromchúiseacha, na rudaí beaga ag léim thart is ag damhsa os a gcomhair. Bheadh sé ann inniu murach spéirling iontach na bliana 1703 a leag ar an toirt é, rud a chuir cumha ar na háitreabhaigh agus ar an mbiocáire, a chaith airgead mór ag iarraidh é a chur ina sheasamh arís; ach saothar in aisce ab ea é; phéac an crann ar feadh tamaill, ansin chríon is d'éag.

*dair ar lár  
draoi áit éigin  
ag ligean osna*

3

*woodcocks*  
*their prominent beaks . . .*  
*silence*

. . . Hares, partridges, and pheasants abound; and in old days woodcocks were as plentiful. There are few quails, because they more affect open fields than enclosures; after harvest some few landrails are seen.

*creabhair*  
*na ngob fada . . .*  
*tost*

. . . Giorraithe, patraiscí, is piásúin go flúirseach; agus ní bhíodh aon easpa creabhar orainn sna seanlaethanta. Níl mórán gearg ann; b'fhearr leo siúd na páirceanna oscailte ná na himfháluithe; feictear corr-thraonach nuair a bhíonn an fómhar istigh.

4

The village of Selborne, and large hamlet of Oakhanger, with the single farms, and many scattered houses along the verge of the forest, contain upwards of six hundred and seventy inhabitants.\* We abound with poor; many of whom are sober and industrious, and live comfortably in good stone or brick cottages, which are glazed, and have chambers above stairs: mud buildings we have none. Besides the employment from husbandry the men work in hop gardens, of which we have many . . .

It appears that a child, born and bred in this parish, has an equal chance to live above forty years.

*first thing  
in the morning . . .  
smell of hops*

Tá breis is sé chéad seachtó áitreabhach ina gcónaí i sráidbhaile Selborne agus gráig mhór Oakhanger, leis na feirmeacha aonair, agus scata tithe scaipthe ar feadh chiumhais na foraoise. Ní beag é líon na mbocht inár measc; go leor acu is dream stuama saothrach iad, agus saol compordach acu i dteachíní maithe cloiche nó brící, fuinneoga acu, agus seomraí thuas staighre: níl puinn foirgneamh dóibe againn. Taobh amuigh d'fhearachas, bíonn na fir ag obair sna gairdíní leannlusanna; níl aon ghanntanas leannlusanna anseo . . .

Is cosúil go bhfuil gach seans ag leanbh a saolaíodh agus a tógadh san áit seo an dá scór nó thairis a bhaint amach.

*an chéad rud  
ar maidin . . .  
boladh leannlusanna*

5

*red deer  
once brightly mysterious  
as the dawn*

There is an old keeper, now alive, named Adams, whose great-grandfather (mentioned in a perambulation taken in 1635), grandfather, father, and self, enjoyed the head keepership of Wolmer-forest in succession for more than an hundred years. This person assures me, that his father has often told him, that Queen Anne, as she was journeying on the Portsmouth road, did not think the forest of Wolmer beneath her royal regard. For she came out of the great road at Lippock, which is just by, and reposing herself on a bank smoothed for that purpose, lying about half a mile to the east of Wolmer-pond, and still called Queen's-bank, saw with great complacency and satisfaction the whole herd of red deer brought by the keepers along the vale before her, consisting then of about five hundred head.

*an fía rua  
tráth chomb geal mistéireach  
leis an gcambhóir*

Tá báirseoir seanchríonna ann, maireann sé fós, fear darb ainm Adams, agus a shin-seanathair siúd (luaitear é i siúlóid chigireachta ón mbliain 1635), a sheanathair, a athair agus é féin ba bháirseoirí i bhforaois Wolmer iad, duine acu i ndiaidh a chéile, ar feadh céad bliain. Deir mo dhuine gur minic a d'inis a athair dó nár síleadh foraois Wolmer a bheith róshuarach dá mórgacht, an Bhanríon Anne, agus í ag taisteal ar bhóthar Portsmouth. Mar tháinig sí amach ón mbóthar mór ag Lippock, atá láimh linn, agus lugh ar an mbruach a bhí déanta mín di chuige sin, bruach atá leathmhíle soir ó lochán Wolmer, agus ar a dtugtar bruach na Banríona go dtí an lá inniu, agus ba le mórshásamh a dhearc sí ar an tréad iomlán d'fhianna rua a bhí tugtha os a comhair tríd an ngleanntán di ag na báirseoirí, tuairim is cúig chéad fía ar fad.

6

*insects*  
*in dung . . .*  
*God's in His Heaven!*

. . . In summer all the kine, whether oxen, cows, calves, or heifers, retire constantly to the water during the hotter hours; where, being more exempt from flies, and inhaling the coolness of that element, some belly deep, and some only to mid-leg, they ruminates and solace themselves from about ten in the morning till four in the afternoon, and then return to their feeding. During this great proportion of the day they drop much dung, in which insects nestle; and so supply food for the fish.

*in the eye*  
*of the fish*  
*a floating insect*

*feithidí*  
*i mbualtrach . . .*  
*Dia sna flaitbis!*

. . . Sa samhradh, síos leis an mbólacht go síoraí seasta go dtí an t-uisce, na daimh, na ba, na laonna nó na bodóga, le linn an bhrothail; is gainne iad na cuileoga ann agus súnn siad isteach fionnuaire na lochán, iad sáite go bolg iontu, nó cuid acu go dtí na glúine, agus iad ag cogaint na círe dóibh féin go sólásach óna deich ar maidin nó mar sin go dtí a ceathair san iarnóin, sula bhfilleann siad ar an bhféarach. Sa chuid fhada sin den lá, fágann siad go leor bualtraí ina ndiaidh ina nedaíonn feithidí; agus sa tslí sin, beathaítear na héisc.

*i súile an éisc*  
*feithid*  
*ar snámh*

7

*they flutter and rise  
into darkness  
their true home*

On the face of this expanse of waters, and perfectly secure from fowlers, lie all day long, in the winter season, vast flocks of ducks, teals, and widgeons, of various denominations; where they preen and solace, and rest themselves, till towards sunset, when they issue forth in little parties (for in their natural state they are all birds of the night) to feed in the brooks and meadows; returning again with the dawn of the morning.

*ripples . . .  
the ducks  
have come home*

*siad  
ag eiteallach leo sa dorchadas  
is baile dóibh*

Ar aghaidh leathan na n-uiscí seo, gan baol ó fhoghlacairí, an lá ar fad i séasúr an gheimhridh, faightear scata mór lachan, praslachan agus rualachan, de gach aicme; á bpiocadh is á gcíoradh féin go sólásach, is ag glacadh scíthe, go dtí am luí na gréine, nuair a éiríonn siad amach ina ngrúpaí beaga (mar is éin oíche iad ó dhúchas) chun iad féin a bheathú sna srutháin agus sna móinéir; filléann siad arís nuair a bhreacann an lá.

*cuilithíní . . .  
tá na lachain  
tagtha abhaile*

8

*terrible commotion!  
blood in torrents . . .  
tranquil now the woods*

General Howe turned out some German wild boars and sows in his forests, to the great terror of the neighbourhood; and, at one time, a wild bull or buffalo: but the country rose upon them and destroyed them.

*hurlamaboc!  
fuil á doirteadh  
agus síth dá béis*

Scaoil an Ginearál Howe roinnt torc allta agus cránacha ón nGearmáin ar fud a chuid foraoisí, agus bhí muintir na háite sceimhlithe ina mbeatha; agus tarbh fiáin, nó buabhall, uair eile; ach d'éirigh an chosmhuintir amach agus dheineadar léirscios orthu.

9

A very large fall of timber, consisting of about one thousand oaks, has been cut this spring (viz., 1784) in the Holt forest; one-fifth of which, it is said, belongs to the grantee, Lord Stawel. He lays claim also to the lop and top: but the poor of the parishes of Binsted and Frinsham, Bentley and Kingsley, assert that it belongs to them; and, assembling in a riotous manner, have actually taken it all away.

*the poor . . .  
what lord for them below  
what Lord above?*

Leagadh lear mór darach, thart ar mhíle crann, in earrach na bliana seo (1784) i bhforaois Holt; deirtear gur leis an deontaí, an Tiarna Stawel, an cúigiú cuid de. D'éiligh seisean an barr agus na géaga freisin: ach maíonn na boicht i bparóistí Binsted is Frinsham, Bentley is Kingsley, gur leosan iad; agus bhailigh siad le chéile go círeibeach agus thugadar leo iad.

*na boicht . . .  
gan tiarna ceart acu  
ná Tiarna*

# 10

*in our blood too  
an ancient call . . .  
migration*

As to swallows (*hirundines rusticae*) being found in a torpid state during the winter in the Isle of Wight, or any part of this country, I never heard any such account worth attending to. But a clergyman, of an inquisitive turn, assures me that, when he was a great boy, some workmen, in pulling down the battlements of a church tower early in the spring, found two or three swifts (*hirundines apodes*) among the rubbish, which were, at first appearance, dead, but, on being carried toward the fire, revived. He told me that, out of his great care to preserve them, he put them in a paper bag, and hung them by the kitchen fire, where they were suffocated.

*ionainne chomb maith  
gairm ársa . . .  
imirce*

Maidir le fáinleoga (*hirundines rusticae*) a dtángthas orthu agus iad faoi thámhneál sa gheimhreadh ar Inis Iocht, nó in aon chuid eile den tír seo, níor chuala mise cuntas ar bith ina thaobh sin arbh fhiú dom trácht air. Ach dearbhaíonn ministir dom, a bhfuil nádúr fiosrach ann, go raibh sé ina gharsún mór nuair a leag roinnt oibrithe forbhalláí thúr eaglaise, go luath san earrach, agus tháinig siad ar dhá ghabhlán gaoithe, nó trí, (*hirundines apodes*) i measc an bhruscair, a bhí marbh, ar an gcéad fhéachaint, ach ar tháinig beocht iontu nuair a tugadh gar don tine iad. Dúirt sé liom go raibh an-fhonn air iad a shábháil, gur chuir sé i mála páipéir iad agus gur chroch taobh le tine na cistine iad, is gur plúchadh iad.

11

*plop!*  
*a rat?*  
*quite likely*

I suspect much there may be two species of water-rats. Ray says, and Linnaeus after him, that the water-rat is web-footed behind. Now I have discovered a rat on the banks of our little stream that is not web-footed, and yet is an excellent swimmer and diver.

*plap!*  
*francach?*  
*seans maith*

Táim den tuairim láidir go bhfuil dhá speiceas den fhrancach uisce ann. Deir Ray, agus Linnaeus ina dhiaidh, gur cosa scamallacha iad cosa deiridh an fhrancaigh uisce. Táimse tar éis teacht ar fhrancach ar bhruacha an tsrutháin seo againne nach bhfuil cos-scamallach, ach fós is snámhóir agus tumadóir den scoth é.

## 12

*could they but see  
their actions mirrored . . .  
boys' cruelty*

The most unusual birds I ever observed in these parts were a pair of hoopoes (*upupa*) which came several years ago in the summer, and frequented an ornamented piece of ground, which joins to my garden, for some weeks. They used to march about in a stately manner, feeding in the walks, many times in the day; and seemed disposed to breed in my outlet; but were frightened and persecuted by idle boys, who would never let them be at rest.

*dá bhfeicfidís  
a ngníomhartha féin . . .  
cruálacht na ngarsún*

Na héin is neamhchoitianta atá feicthe agamsa sna bólaí seo ná péire húpúnna (*upupa*) a tháinig chugainn roinnt blianta ó shin, sa samhradh, ar feadh cúpla seachtain, agus thaithíodar paiste talún ornáidithe atá teorantach le mo ghairdínse. Ba ghnách leo máirseáil thart go hardnósach ar na cosáin, á mbeathú féin, go minic i rith an lae; agus ba chosúil go raibh fonn cúplála orthu anseo, ach go rabhadar scanraithe sceimhlithe ag buachaillí díomhaoine nár thug faoiseamh ar bith dóibh.

# 13

Having some acquaintance with a tame brown owl, I find that it casts up the fur of mice, and the feathers of birds in pellets, after the manner of hawks: when full, like a dog, it hides what it cannot eat.

The young of the barn-owl are not easily raised, as they want a constant supply of fresh mice: whereas the young of the brown owl will eat indiscriminately all that is brought; snails, rats, kittens, puppies, magpies, and any kind of carrion or offal.

*will we run out of them  
some day?  
fresh mice*

Tá cur amach áirithe agam ar an ulchabhán donn ceansaithe, agus feicim go gcaitheann sé aníos clúmh luiche, agus cleití éin ina millíní, ar nós an tseabhaic: más lán atá a bholg, cuirfidh sé bia i bhfolach, ar nós an ghadhair.

Is deacair óg na scréachóige reilige a thógáil, mar go mbíonn síorsholáthar luch úr uaidh: óg an ulchabháin, áfach, íosfaidh sé aon rud a thabharfaí dó; seilidí, francaigh, piscíní, coileáin, snaga breaca, agus splíonach nó conamar ar bith.

*an rithfimid astu  
lá éigin?  
lucha úra*

# 14

I was much entertained last summer with a tame bat, which would take flies out of a person's hand. If you gave it anything to eat, it brought its wings round before the mouth, hovering and hiding its head in the manner of birds of prey when they feed. The adroitness it showed in shearing off the wings of the flies, which were always rejected, was worthy of observation, and pleased me much. Insects seem to be most acceptable, though it did not refuse raw flesh when offered: so that the notion that bats go down chimneys and gnaw men's bacon, seems no improbable story.

*fragments of the night . . .  
bats searching  
for home*

Bhaineas an-sult an samhradh seo caite as ialtóg cheansaithe, a thógfadh cuileoga as do lámh. Dá dtabharfá rud éigin le hithe di, thabharfadh sí a cuid sciathán timpeall os comhair a béil, í ar foluain agus a ceann á chur i bhfolach aici mar a dhéanann an t-éan creiche agus é á bheathú féin. B'fhiú breathnú uirthi agus an bealach cliste a bhí aici chun sciatháin na gcuileog a bhaint: ní bhacfadh sí riamh leo; bhaineas an-sásamh aisti. Feithidí is mó a thaitin léi ach níor leasc léi feoil amh a ithe dá dtabharfá di í: mar sin, is dócha nach aon áibhéil le rá é go n-eitlíonn an ialtóg síos an simléar chun bagún an duine a bhlaiseadh.

*blaghanna na hoíche . . .  
sciatháin leathbair  
a mbaile á lorg acu*

15

*its shade plays  
among ears of wheat . . .  
fieldmouse in brandy*

I have procured some of the mice mentioned in my former letters, a young one and a female with young, both of which I have preserved in brandy. From the colour, shape, size, and manner of nesting, I make no doubt but that the species is nondescript. They are much smaller and more slender than the *mus domesticus medius* of Ray; and have more of the squirrel or dormouse colour: their belly is white, a straight line along their sides divides the shades of their back and belly. They never enter into houses; are carried into ricks and barns with the sheaves.

*a scáth ag spraoi  
i measc na ndias cruithneachta . . .  
luch fhéir i mbranda*

D'éirigh liom cuid de na luchá sin a fháil a luas i litreacha roimhe seo leat, luch óg agus luch bhaineann lena hóg, iad araon caomhnaithe agam i mbranda. Ón dath, ón gcruth, ón toirt, agus ón modh neadaithe, is speiceas neamhshuntasach iad, gan dabht. Is lú agus is caoile go mór iad ná an *mus domesticus medius* de chuid Ray; agus is mó de dhath an iora nó an luch chodlamáin atá orthu: bán atá a mbolg; scarann líne dhíreach ar a dtaobh an imir ar a ndroim ón imir ar a mbolg. Ní thagann siad isteach sa teach riamh; iompraítear isteach sna stácaí agus sna sciobóil iad i dteannta na bpunann.

16

*trapped  
and then eaten . . .  
the wheatear*

Mr. Stillingfleet, in his *Tracts*, says that ‘if the wheatear (*oenanthe*) does not quit England, it certainly shifts places; for about harvest they are not to be found, where there was before great plenty of them.’ This well accounts for the vast quantities that are caught about that time on the south downs near Lewes, where they are esteemed a delicacy. There have been shepherds, I have been credibly informed, that have made many pounds in a season by catching them in traps.

*gafa i ngaiste  
itear ansin é . . .  
an clochrán*

Deir Mr Stillingfleet sa *Miscellaneous Tracts* aige, ‘mura bhfágann an clochrán (*oenanthe*) Sasana, is cinnte go n-athraíonn sé áit; mar thart ar aimsir an fhómhair ní bhíonn fáil orthu, nuair a bhí an t-uafás díobh ann roimhe sin’. Míníonn sé sin an líon mór díobh a mbeirtear orthu ar na míchnoic ó dheas. gar do Lewes, áit a bhféachtar orthu mar shólaiste. Tá sé ó údar creidiúnach agam go dtuilleann aoirí áirithe pingíní maithe i séasúr ceaptha na gclochrán.

17

*he no longer breathes  
through nose, mouth or ears . . .  
Aristotle*

Writers, copying from one another, make Aristotle say that goats breathe at their ears; whereas he asserts just the contrary:

—*Ἀλκμαίων γὰρ οὐκ ἀληθῆ λέγει, φάμενος ἀναπνεῖν τὰς αἰγας κατὰ τὰ ὠτά.*

*ní análaíonn sé níos mó  
trína shrón, bhéal ná chluasa  
Harry Statail*

Scribhneoirí a bhíonn ag cóipeáil óna chéile, deir siad go n-análaíonn an gabhar trína chluasa, dar le hArastatal, nuair is é a mhalairt a mhaíonn seisean:

—*Ἀλκμαίων γὰρ οὐκ ἀληθῆ λέγει, φάμενος ἀναπνεῖν τὰς αἰγας κατὰ τὰ ὠτά.*

# 18

I had remarked, for years, that the root of the cuckoo-pint (arum) was frequently scratched out of the dry banks of hedges, and eaten in severe snowy weather. After observing, with some exactness, myself, and getting others to do the same, we found it was the thrush kind that searched it out. The root of the arum is remarkably warm and pungent.

*winter . . .*

*thrushes, too,  
must keep warm*

Tá tugtha faoi deara agam le blianta anuas gur minic an bod gadhair (cluas chaoín) scríobtha amach ó bhanc tirim na dtor, agus go n-itear é nuair a bhíonn aimsir chrua shneachtúil ann. Nuair a scrúdaíos féin go mion é, agus nuair a thugas ar dhaoine eile an rud céanna a dhéanamh, fuairamar amach gurbh iad na smólaigh faoi deara é. Tá teas iontach agus géire i bhfréamh an bhoid ghadhair.

*geimbreadh . . .*

*caithfidh an smólach leis  
teas a choimeád ann féin*

19

*rarely do they stare  
these days . . .  
country folk*

. . . **W**hen a quack, at this village, ate a toad to make the country people stare; afterwards he drank oil.

I have been informed also, from undoubted authority, that some ladies (ladies you will say of peculiar taste) took a fancy to a toad, which they nourished summer after summer, for many years, till he grew to a monstrous size, with the maggots which turn to flesh flies. The reptile used to come forth every evening from an hole under the garden-steps; and was taken up, after supper, on the table to be fed. But at last a tame raven, kenning him as he put forth his head, gave him such a severe stroke with his horny beak as put out one eye. After this accident the creature languished for some time and died.

*is annamb anois  
iad ag stánadh . . .  
muintir na tuaithe*

. . . **P**otráláí ar an mbaile seo, d'ith sé buaf chun muintir na tuaithe a chur ag stánadh air; ina dhiaidh sin d'ól sé ola.

Chuala mé chomh maith ó fhoirse iontaofa, gur thug scata ban taitneamh do bhuaf (nárbh ait iad mar mhnál), agus chothaíodar í samhradh i ndiaidh samhraidh, ar feadh roinnt mhaith blianta, gur fhás sí ina harracht, agus cruimheanna inti a d'iompaigh ina gcuileanna feola. Thagadh an reiptíl aníos gach uile thráthnóna as poll faoi na céimeanna gairdín; d'ardaítí í, tar éis suipéir, agus leagtaí ar an mbord í le go mbeathófaí í. Ach bhí peata fiaigh acu agus nuair a chonaic sé ceann na buaife ag bogadh amach, thug sé buile trom dá ghob garbh di a d'fhág ar leathshúil í. Ní bheadh sí ar a seanléim go deo arís agus cailleadh i ndeireadh báire í.

## 20

*some of them  
look like toads . . .  
snake-oil merchants*

I was not very far from Hungerford, and did not forget to make some inquiries concerning the wonderful method of curing cancers by means of toads. Several intelligent persons, both gentry and clergy, do, I find, give a great deal of credit to what was asserted in the papers: and I myself dined with a clergyman who seemed to be persuaded that what is related is matter of fact; but, when I came to attend to his account, I thought I discerned circumstances which did not a little invalidate the woman's story of the manner in which she came by her skill. She says of herself 'that, labouring under a virulent cancer, she went to some church where there was a vast crowd: on going into a pew, she was accosted by a strange clergyman; who, after expressing compassion for her situation, told her that if she would make such an application of living toads as is mentioned she would be well.'

*cuma na buaife  
ar chuid acu . . .  
lucht bréagleighis*

Ní rófhada a bhíos ó Hungerford, agus níor dhearúdas fiosrúchán a dhéanamh faoin modh iontach atá ann chun ailse a leigheas le buafa. Tacaíonn go leor daoine éirimiúla, idir chléir agus tuath, de réir mar a thuigim, le tuairim na nuachtán ina thaobh: agus chaitheas féin béile le duine den chléir a cheapann gur fíric ghlan an méid atá ráite; ach nuair a d'éist mé lena chuntas san ar scéal na mná, bhraitheas go raibh gnéithe de a mbeadh amhras ort ina dtaobh, maidir leis an mbealach ar shealbhaigh sise an scil áirithe sin. Deir sí mar gheall uirthi féin, 'go raibh ailse nimhneach ag cur isteach uirthi, go ndeachaigh sí chuig séipéal áirithe a raibh slua ollmhór ag freastal air: nuair a fuair sí suíochán di féin, bhuail ministir strainséartha bleid uirthi; tar éis dó comhbhá léi a chur in iúl faoina cás, d'inis sé di go mbeadh gach rud i gceart ach leas a bhaint as buafa beo, mar a mholtar.'

21

*birdsong!*  
*this world of hours*  
*completely upside down!*

It is, I find, in zoology as it is in botany: all nature is so full, that that district produces the greatest variety which is the most examined. Several birds, which are said to belong to the north only, are, it seems, often in the south.

*ceiliúr éan!*  
*an domhan seo*  
*bunoscionn ar fad!*

Is é an scéal céanna sa zó-eolaíocht agus sa bhitheolaíocht é: tá an dúlra chomh lomlán sin, gurb é an ceantar is mó éagsúlacht ann ná an ceantar sin is mó a scrúdaítear. Tá scata éan ann, éanlaith a bhaineann leis an taobh thuaidh den tír amháin, deirtear, ar fáil go minic, leis, ar an taobh ó dheas, de réir dealraimh.

## 22

*swans will sing  
when jackdaws are silent . . .  
ah, the Greeks!*

Another very unlikely spot is made use of by daws as a place to breed in, and that is Stonehenge. These birds deposit their nests in the interstices between the upright and the impost stones of that amazing work of antiquity: which circumstance alone speaks the prodigious height of the upright stones, that they should be tall enough to secure those nests from the annoyance of shepherd-boys, who are always idling round that place.

*canfaidh ealaí  
nuair a bheidh cága ina dtost . . .  
á, na Gréagaigh!*

Áit eile nach mbeifeá ag súil leis mar ionad póraithe na gcág is ea Stonehenge. Cuireann na héin sin a gcuid neadacha sna spásanna idir na clocha ingearacha agus na clocha mullaigh den leacht iontach sin ón seansaol: insíonn an méid sin féin cé chomh hard is atá na liagáin sin, iad ard go leor chun na neadacha a chosaint ar na haoirí óga a bhíonn i gcónaí ag crochadh thart ansin is iad ag caitheamh an lae go díomhaoin.

23

*creaking sound  
of daylight dying . . .  
goat-sucker!*

There is no bird, I believe, whose manners I have studied more than that of the *caprimulgus* (the goat-sucker), as it is a wonderful and curious creature: but I have always found that though sometimes it may chatter as it flies, as I know it does, yet in general it utters its jarring note sitting on a bough; and I have for many an half hour watched it as it sat with its under mandible quivering, and particularly this summer. It perches usually on a bare twig, with its head lower than its tail . . .

*díoscán  
is an lá ag gabháil ó sholas . . .  
tuirne lín!*

Níl aon éan eile, creidim, is mó a bhfuil staidéar déanta agamsa ar a iompar ná an *caprimulgus* (tuirne lín), mar is neach iontach é, neach inspéise: agus tá faighte amach agam go mbíonn sé ag cabaireacht uaireanta le linn dó a bheith ag eitilt, go deimhin; mar sin féin, tríd is tríd, cloistear an nóta míbhinn sin uaidh agus é ina shuí ar chraobh; agus is iomaí leathuair an chloig a chaitheas-sa agus mé ag breathnú air is é ina shuí, a mhandabal íochtair ar crith, go háirithe an samhradh seo. Is gnách go suíonn sé ar chraobhóg lom, an ceann níos ísle aige ná an t-eireaball . . .

# 24

*all night  
it sang  
and then . . .*

It is a size less than the grasshopper-lark; the head, back, and coverts of the wings of a dusky brown, without those dark spots of the grasshopper-lark; over each eye is a milk-white stroke; the chin and throat are white, and the under parts of a yellowish white; the rump is tawny and the feathers of the tail sharp-pointed; the bill is dusky and sharp, and the legs are dusky; the hinder claw long and crooked. The person that shot it says that it sung so like a reed-sparrow that he took it for one; and that it sings all night . . .

*the night singer  
is no more . . .  
empty universe*

*an oíche go léir  
a chan sé  
is ansin . . .*

